Is uirlis doiciméadúcháin amháin an doiciméad seo agus ní ghabhann na hinstitiúidí aon dliteanas orthu féin i leith a bhfuil ann

►**B** **RIALACHÁN (CE) UIMH. 1463/2006 ÓN gCOMHAIRLE**

an 19 Meitheamh 2006

lena n-nglactar Rialachán (CE) Uimh 1698/2005 maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), de bharr aontachas na Bulgáire agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach

(IO L 277, 9.10.2006, p. 1)

Arna cheartú le:

►**C1** Ceartúchán, IO L 48, 16.2.2007, p. 3 (1463/2006)

▼B

RIALACHÁN (CE) UIMH. 1463/2006 ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Meitheamh 2006

lena n-nglactar Rialachán (CE) Uimh 1698/2005 maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), de bharr aontachas na Bulgáire agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh,

Ag féachaint do Conradh Aontachais na Bulgáire agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach, arna shíniú i Lucsamburg an 25 Aibreán 2005, agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais na Bulgáire agus na Rómáine, agus go háirithe Airteagal 56 di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

De bhrí an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh 1698/2005 ón gComhairle ([1]), tugadh isteach rialacha ginearálta lena rialaítear tacaíocht Chomhphobail don bheartas forbartha tuaithe don tréimhse cláraithe 2007 go 2013 agus bunaíodh tosaíochtaí agus bearta d'fhorbairt na tuaithe.

(2) Is gá na rialacha ginearálta sin agus na bearta ginearálta sin a oiriúnú ionas go mbeifear in ann iad a chur chun feidhme sa Bhulgáir agus sa Rómáin amhail ó dháta aontachais na dtíortha sin leis an Aontas Eorpach.

(3) Bunaíonn Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ais éigeantach Leader laistigh den chlár d'fhorbairt na tuaithe, a chaithfidh a bheith ionann le híoschéatadán de chionroinnt CETFT leis an gclár. Ó tharla gur beag taithí atá ag an mBulgáir ná ag an Rómáin ar chur chuige Leader a chur chun feidhme agus d'fhonn an an acmhainn áitiúil is gá a bhunú chun Leader a chur i bhfeidhm, ba cheart meánranníocaíocht airgeadais 2,5 % na haise Leader a chur i bhfeidhm maidir leis na tíortha sin don tréimhse 2010 go 2013.

(4) Ionas go mbeidh an Bhulgáir agus an Rómáin in ann buntáiste a bhaint go dtí an bhliain 2013 as na bearta idirthréimhseacha maidir le tacaíocht d'fheirmeacha leathchothaitheacha agus maidir le bunú grúpaí táirgeoirí, is cóir an Bhulgáir agus an Rómáin a chur leis an liosta de thíortha a thairbhíonn de na bearta sin.

▼C1

(4a) D'fhonn go ndeonófar na sochair chéanna don Bhulgáir agus don Rómáin agus a deonaíodh do na tíortha a d'aontaigh don Chomhphobal an 1 Bealtaine 2004 maidir le déine uasta na cabhrach d'infheistíochtaí a rinneadh chun riachtanais Threoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta ([2]), ba cheart an Bhulgáir agus an Rómáin a chur leis an liosta de thíortha a bhaineann tairbhe as an ráta uasta 75 %.

([1]) IO L 277, 21.10.2005, lch. 1.
([2]) IO L 375, 31.12.1991, lch. 1. Rialachán arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

▼B

(5) Ní mór mar sin Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear mar a leanas Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005:

1. Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 17(2):

   ‘Don Bhulgáir agus don Rómáin, cloífear leis an meánchéatadán de 2,5 % ar a laghad de ranníocaíocht CETFT le haghaidh ais 4 i rith na tréimhse 2010 go 2013. Cuirfear san áireamh gach ranníocaíocht ó CETFT don ais sin i rith na tréimhse 2007 go 2009 agus an céatadán sin á ríomh.’

2. In Airteagal 20(d), cuirtear an téacs seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

   ‘bearta idirthréimhseacha don Bhulgáir, do Phoblacht na Seice, don Eastóin, don Chipir, don Laitvia, don Liotuáin, don Ungáir, do Mhálta, don Pholainn, don Rómáin, don tSlóivéin, agus don tSlóvaic maidir le:’.

▼C1

3. Sa cheathrú colún den Iarscríbhinn, sna sraitheanna a bhaineann le hAirteagal 26(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú mír:

   ‘De mhéid na hinfheistíochta cáilithe sna Ballstáit a d'aontaigh don Chomhphobal an 1 Bealtaine 2004, agus sa Bhulgáir agus sa Rómáin, do chur chun feidhme Threoir 91/676/CEE ón gComhairle ([1]) laistigh de thréimhse uasta ceithre bliana ó dháta an Aontachais de bhun Airteagal 3(2) agus Airteagal 5(1) den Treoir sin.’

▼B

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2007, faoi réir Conradh Aontachais na Bulgáire agus na Rómáine a theacht i bhfeidhm.

Beidh an Rialachán seo as a iomláine ina cheangal agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.